Athruithe Molta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi na hathruithe atá molta don pheil agus don iomáint. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigh na ceisteanna seo a leanas:
An gceapann tú go bhfuil gá le hathruithe?
Cad iad na rialacha a n-athrófá féin?
An bhfuil na hathruithe ar fad ró-dhian ar réiteoirí?

Ceist 2 Déan iarracht na téarmaí Béarla ar chlé a mheaitseáil leis na téarmaí Gaeilge ar dheis.

1. Recommended	a. Mar shampla
2. Backdoor	b. Cúl
3. Fourteen years	c. Laighean
4. Leinster	d. Contaetha laga
5. Weak counties	e. Molta
6. For example	f. Cúldoras
7. Square	g. Ceithre bliana déag
8. Goal	h. Cearnóg

1	2	3	4	5	6	7	8

Ceist 3 Féach ar an mír nuachta agus déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

1. Cén coiste lena mbaineann John Costello?
2. Cén uair dheireanach a bhuaigh Baile Átha Cliath Craobh na hÉireann?
3. Cé mhéad Craobh Laighean atá buaite ag Baile Átha Cliath le cúig bliana anuas? Trí cinn, ceithre cinn nó cúig cinn?
4. Cén dá chontae 'láidre' a luaitear sa mhír a bhfuil craobhacha buaite acu sna blianta ar bualadh iad sna craobhacha cúige?
5. Deirtear go mbogfar an spota óna dtógfar ciceanna éirice. Cé mhéad slat a luaitear?

Ceist 4 Féach ar an mír arís agus déan iarracht na bearnaí a líonadh leis na focail *i gcló iodálach* thíos.

Go raibh maith agat, a Eimear,
_____, tosóimid anocht le cluiche Gaelach, agus tá sé molta ag John Costello,_____, go gcuirfí deireadh leis an gcúldoras sa chraobhchomórtas peile. Tá sé ceithre bliana déag ó bhuaigh Baile Átha Cliath Craobh na hÉireann agus is _____ go gceapann _____ nach bhfuil an cúldoras ag _____ mórán lena gcás tar éis dóibh cúig Chraobh Laighean a bhuachan as a chéile, ach gan oiread agus Cluiche Ceannais Uile Éireann amháin sroichte _____, ní áirím buaite acu, sa tréimhse _____.

céanna, acu, Coiste Chontae Bhaile Átha Cliath, bhuel, léir, cabhrú, siadsan.

Ceist 5 '*deir sé*'
Cén ghné den ghramadach ata i gceist sa chló iodálach thuas?

Anois déan iarracht na briathra idir lúibíní thíos a athrú go dtí an aimsir ghnáthláithreach.

1. (Abair) tú do chuid paidreacha gach oíche.
2. (Feic) sé a mháthair gach lá.
3. (Faigh) sibh bhur lón sa scoil gach lá.
4. (Téigh + mé) chuig cleachtadh fidil gach seachtain.
5. (Beir + mé) greim ar mo mhadra gach oíche roimh dhul a chodladh.
6. (Clois) tú gleo ar an tsráid gach tráthnóna.
7. (Bí) sé sa linn snámha ar a hocht a chlog gach maidin.
8. (Déan) siad a gcuid oibre san oíche.
9. (Tar) an páipéar sa phost gach lá.
10. (Ith) siad bricfeasta ar a deich gach Satharn.
11. (Tabhair + mé) bia do na cait gach lá.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó mar ghrúpa.

An gceapann tú go bhfuil na hathruithe seo go maith?
An aontaíonn tú leo ar fad? Cén fáth?

Treoracha agus Freagra

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8
e	f	g	c	d	a	h	b

Ceist 3

1. Tá John Costello ar Choiste Chontae Bhaile Átha Cliath.
2. Tá sé ceithre bliana déag ó bhuaigh Baile Átha Cliath Craobh na hÉireann.
3. Tá cúig Chraobh Laighean buaite ag Baile Átha Cliath le cúig bliana anuas.
4. Luaitear Contae Chiarraí agus Contae Thír Eoghain.
5. Deirtear go mbogfar an spota óna dtógtar ciceanna éirice dhá shlat níos giorra don chúl.

Ceist 4 **Bhuel**, tosóimid anocht le cluiche Gaelach agus tá sé molta ag John Costello, **Coiste Chontae Bhaile Átha Cliath** go gcuirfí deireadh leis an gcúldoras sa chraobhchomórtas peile. Tá sé ceithre bliana déag ó bhuaigh Baile Átha Cliath craobh na hÉireann agus is **léir** go gceapann **siadsan** nach bhfuil an cúldoras ag **cabhrú** mórán lena gcás.
Tar éis dóibh cúig Chraobh Laighean a bhuachan as a chéile ach gan oiread agus Cluiche Ceannais Uile Éireann amháin sroichte **acu**, ní áirím buaite acu, sa tréimhse **céanna**.

Ceist 5 Seo Briathar Neamhrialta san aimsir ghnáthláithreach.

1. **Deir** tú do chuid paidreacha gach oíche.
2. **Feiceann** sé a mháthair gach lá.
3. **Faigheann** sibh bhur lón sa scoil gach lá.
4. **Téim** chuig cleachtadh fidil gach seachtain.
5. **Beirim** greim ar mo mhadra gach oíche roimh dhul a chodladh.
6. **Cloiseann** tú gleo ar an tsráid gach tráthnóna.
7. **Bíonn** sé sa linn snámha ar a hocht a chlog gach maidin.
8. **Déanann** siad a gcuid oibre san oíche.
9. **Tagann** an páipéar sa phost gach lá.
10. **Itheann** siad bricfeasta ar a deich gach Satharn.
11. **Tugaim** bia do na cait gach lá.

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

Caithfimid súil anois ar scéalta spóirt an lae. Seo é Ruairí.

Ruairí Mac an Iomaire

Go raibh maith agat a Eimear.

Bhuel, tosóimid anocht le cluiche Gaelach agus tá sé molta ag John Costello, Coiste Chontae Bhaile Átha Cliath, go gcuirfí deireadh leis an gcúldoras sa chraobhchomórtas[1] peile. Tá sé ceithre bliana déag ó bhuaigh Baile Átha Cliath Craobh na hÉireann agus is léir go gceapann siadsan nach bhfuil an cúldoras ag cabhrú mórán lena gcás,tar éis dóibh cúig Chraobh Laighean a bhuachan[2] as a chéile ach gan oiread agus Cluiche Ceannais Uile Éireann amháin sroichte acu, ní áirím buaite acu, sa tréimhse céanna. Tá cathaoirleach Choiste Bhaile Átha Cliath tar éis a mholadh go gcaithfí in aer an cúldoras ar fad sa chraobhchomórtas[3] peile. Tugadh isteach an cúldoras, a deir sé, an dara seans dóibh siúd a bhuailtear sna comórtais cúige, le deis a thabhairt do na contaetha laga, ach de réir John Costello, is iad na contaetha láidre is mó a bhain an buntáiste as an gcúldoras úd, Craobh na hÉireann buaite ag leithéidí Thír Eoghain agus Ciarraí mar shampla, tar éis a bualadh cheana iad sa chraobh na blianta sin.

Idir an dá linn, tá athruithe trialacha le déanamh arís ar rialacha na peile agus na hiomána[4], athruithe a chuirfear i bhfeidhm sa Sraithchomórtas Náisiúnta tar éis na Nollag. I measc na n-athruithe úd atá le cur i bhfeidhm go sealadach, cuirfear deireadh leis an riail nach gceadaítear d'imreoir a bheith sa chearnóg bheag roimh an liathróid, sa pheil[5] agus san iomáint. Ceadófar don té a bheireann ar liathróid peile 'marc' a ghlaoch mar atá sna rialacha idirnáisiúnta fad is[6] go bhfuil an té sin idir an dá líne ceathracha cúig slat. Agus bogfar an spota óna dtógfar ciceanna éirice dhá shlat níos giorra don chúl.

[1] Sa gcraobhchomórtas-tógann 'sa' urú i gcanúint Chonamara
[2] A bhuachaint a deirtear
[3] Sa gcraobhchomórtas-tógann 'sa' urú i gcanúint Chonamara
[4] An pheil agus an iomáint a deirtear
[5] Sa bpeil a deirtear
[6] 'A fhad is' a deirtear sa mhír